



An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission

Cairt Custaiméirí

2021 - 2023

Clár Ábhair

1. Réamhrá	3
1.1 Feidhm na cairte seo	3
2. Teagmháil a dhéanamh linn	3
2.1 Teagmháil ar fhoirm ghréasáin, r-phost agus le litir.....	4
2.2 Teagmháil Fóin	4
2.3 Iarratas ar Shaoráil Faisnéise	5
2.4 Nochtadh Cosanta	6
2.5 Na Meáin	7
3. Amlínte maidir le fiosruithe, cúiseanna imní agus gearáin faoin reachtaíocht cosaint sonraí	7
3.1 Plé le gearáin.....	8
3.2 Gearáin Trasteorann.....	8
4. Seirbhísí trí mheán na Gaeilge	9
5. Faisnéis a Chur ar Fáil.....	10
6. Comhordú Soláthar Seirbhís Phoiblí.....	10
7. Comhionannas, Éagsúlacht agus Rochtain do Dhaoine faoi Míchumas.....	10
8. Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí	10
9. Comhairliúchán agus Aiseolas	11
10. Cabhraigh Linne Cabhrú Leatsa	11
11. Gearáin faoi Sheirbhísí Custaiméirí.....	12

1. Réamhrá

Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) an t-údarás náisiúnta neamhspleách atá freagrach as seasamh le bunchearta daoine aonair san AE go gcosnaítear a gcuid sonraí pearsanta. Is é an DPC údarás maoirseachta na hÉireann i leith an Rialacháin Ghinearálta Maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus feidhmeanna agus cumhachtaí aige fosta a bhaineann le creata tábhachtacha eile rialála lena n-áirítear Rialacháin r-Phríobháideachta na hÉireann (2011) agus Treoir an AE ar a dtugtar an Treoir AE Maidir le Forfheidhmiú an Dlí.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.dataprotection.ie nó trí theagmháil fóin lenár n-oifig ar 076 110 4800 nó de r-phost ag info@dataprotection.ie.

1.1 Feidhm na cairte seo

Leagtar amach sa chairt seo an caighdeán seirbhíse a bhfuil sé d'aidhm againn a chur ar fáil duitse, ár gcustaiméir. Tá téarmaí tagartha ag an DPC atá an-leathan agus ilsrathach, i dtéarmaí réimse a chuid feidhmeanna maoirseachta, comhairleacha, forfheidhmiúcháin agus ardú feasachta agus, lena chois sin, i dtéarmaí a scóipe monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh próiseáil sonraí pearsanta ag gach cineál eagrais atá lonnaithe in Éirinn, i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Baineann an chairt seo lenár gcustaiméirí uile lena n-áirítear, ábhar sonraí (i.e. duine aonair) nó rialaitheoir sonraí (eagrais a bhailíonn agus a rialaíonn sonraí pearsanta) nó próiseálaí sonraí (eagrais a dhéanann tasc a bhaineann le húsáid sonraí pearsanta, thar ceann rialaitheoir sonraí) nó ionadaí ar aon cheann díobh seo.

Mar eagrais, is é an aidhm againn seirbhís dhearfach, atá bunaithe ar eolas, a chur ar fáil dár gcustaiméirí ó thaobh cosaint sonraí de. Is mian linn fosta caidreamh a bheith againn lenár gcustaiméirí ina bhfuil seirbhís chúirtéiseach, éifeachtach, éifeachtúil agus a laghad moille agus is féidir.

2. Teagmháil a dhéanamh linn

Má tá ceist, cúis imní nó gearán agat maidir le ceist a bhaineann le cosaint sonraí, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an DPC ar na bealaí seo a leanas:

- Ar fhoirm ghréasáin ar ár suíomh idirlín;

- Ar r-phost;
- Ar an bhfón chuig ár nDeasc Chabhrach; nó
- Tríd an bpost.

Is iad na foirmeacha gréasáin an bealach is éifeachtaí chun teagmháil a dhéanamh leis an DPC maidir le ceisteanna nó gearáin. Tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an DPC: www.dataprotection.ie

Is tábhachtach a thabhairt do d'aird nach bhféadann an DPC áis oifige phoiblí a chur ar fáil agus, mar sin de, ní féidir linn cruinnithe duine le duine a thairiscint. Mura bhféadann tú, áfach, teagmháil a dhéanamh leis an oifig seo ar bhealach díobh sin thuas, gabh i dteagmháil lenár nOifigeach Inrochtaineachta ag DPCAccessibilityOfficer@dataprotection.ie

2.1 Teagmháil ar fhoirm ghréasáin, r-phost agus le litir

Mar atá breactha thuas, is d'fhoirmeacha gréasáin atá ar fáil ar shuíomh gréasáin DPC an bealach is fearr le teagmháil a dhéanamh leis an DPC. Is é an cuspóir atá leis na foirmeacha gréasáin seo a chomhlánú, cabhrú leat do cheist nó do ghearán a chur i láthair ar shlí struchtúrtha agus cabhrú lenár bhfoireann an cineál ceiste nó gearáin atá agat a thuiscint gan aon mhoill.

Nuair a dhéantar teagmháil leis an DPC ar fhoirm ghréasáin, is féidir linn ceisteanna, gearáin agus comhfhreagras a bhainistiú chomh héifeachtach agus is féidir agus cinntítear go bhfuil ár n-acmhainní iomlán dírithe ar ghearáin agus fiosrúcháin a scrúdú.

Is é polasaí an DPC gan ach comhfhreagras a sheoltar go díreach chugainne a fhreagairt. I gcásanna ina seoltar cóip de r-phost nó de litir mar chúirtéis chuig an DPC agus nach gcuirtear an comhfhreagras go díreach chugainn, ní fhreagraítear é ónár nOifig. Stiallann an DPC doiciméid a fhaigheann siad agus ní choinnítear cóipeanna fisiciúla agus molann an DPC gan bunleaganacha doiciméad a chur i gcomhfhreagras poist.

2.2 Teagmháil Fóin

Cuireann an DPC seirbhís faisnéise fóin ar fáil agus í ar oscailt 9.15rn - 5.30in Luan go Déardaoin agus 9.15rn go 5.15in Dé hAoine.

Tabhair do d'aire gurb é feidhm na seirbhíse faisnéise fóin tú a threorú i dtreo na

faisnéise a bheadh bainteach le d'fhiosrú nó le do chúis imní. Má ardaítear ceisteanna casta i d'fhiosrú, iarrfaidh foireann an Aonaid Faisnéise ort d'fhiosrú a chur isteach ar fhoirm ghréasáin nó de r-phost chun a chinntiú go dtabharfar freagra tomhaiste.

Is tábhachtach a shonrú, maidir leis an bhfaisnéis a chuireann seirbhís faisnéise DPC ar fáil, **nach maítear gur comhairle dhlí ná gur ceadú foirmiúil** í i leith gníomhaíochtaí aon pháirtí.

Féachfaimid le glaonna a fhreagairt chomh gasta agus is féidir agus 80% díobh a fhreagairt laistigh de **15 shoicind** le linn uaireanta oscailte ár seirbhís faisnéise teileafóin; Luan go Déardaoin 9.15rn - 5.30in agus 9.15rn go 5.15in Dé hAoine.

Nuair a bhíonn glórphost in úsáid, cinnteoimid go nglaofar ar ais a luaithe agus is féidir ar chustaiméirí a fhágann teachtaireachtaí.

Ar fhreagairt glao dúinn, tabharfaimid ár n-ainm duit agus beimid béasach, cuidiúil i rith an ama.

Má ghlaonn tú faoi chúis imní reatha atá i ndiaidh dul chomh fada le láimhseáil gearáin sa DPC, tógfar teachtaireacht agus freagróidh an cásoifigeach don fhiosrú i ndiaidh an comhad a athbhreithniú.

Ba chóir a shonrú go bhfuil seoladh díreach r-phoist nó postais ar fáil nuair a théann cúrsaí chomh fada leis an gcéim láimhseáil gearáin agus go sanntar cásoifigeach agus iarraidimid ort an modh díreach teagmhála seo a úsáid i gcomhair nuashonruithe nó chun ábhar breise a chur ar fáil.

Ní ceadmhach in am ar bith glaonna ar an DPC a thaifeadadh. Nuair is léir go bhfuil glao á thaifeadadh, iarrfar ar an nglaoiteoir stad den taifeadadh agus, mura ndéanfaidh siad amhlaidh, déarfai leo go scorfar den ghla.

2.3 Iarratas ar Shaoráil Faisnéise

Ó bhí 14 Aibreán 2015 ann, tá an DPC faoi pháirt-réir an Achta um Shaoráil Faisnéise (FOI). Níl an DPC faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise ach amháin maidir le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta an DPC agus, go sonrath, iad sin a cruthaíodh i ndiaidh 21 Aibreán, 2008.

Dá thoradh sin, níl taifid a bhaineann le, mar shampla, feidhmeanna maoirseachta, rialála, comhairleacha, láimhseáil gearáin nó fiosraithe (comhaid cásanna san áireamh) **ineisithe faoin Acht.**

Tá tuilleadh eolas ar fáil ar FOI agus ar conas iarratas a dhéanamh leis an DPC ach [cliceáil anseo](#).

2.4 Nochtadh Cosanta

Is reachtaíocht é [An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014](#), a ritheadh chun fostaithe a chosaint ar mian leo cúis imní a chur in iúl a bhaineann le héagóir ar an láthair oibre. Leagtha amach san Acht, tá roinnt slite ar féidir nochtadh a chur i láthair fostóirí le cois forais sheachtracha.

Ról an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

Foráiltear le hAlt 7 den Acht um Chosaint Sonraí 2014 gur féidir nochtadh cosanta a dhéanamh le rialálaithe seachtracha áirithe, dá dtagraítear mar “daoine forordaithe” san Acht. Tá na daoine forordaithe seo liostaithe in Ionstraim Reachtuil 367/2020.

Is duine forordaithe é an DPC faoi Alt 7 den Acht um Chosaint Sonraí 2014 agus faoi Ionstraim Reachtuil 367/2020. Ciallaíonn sé seo go bhféadann fostaithe nochtadh cosanta a dhéanamh leis an DPC maidir le comhlíonadh Achtanna um Chosaint Sonraí.

Ní fheidhmeofar an [tAcht um Nochtadh Cosanta 2014](#), áfach, ach i leith nochtadh a dhéanfar leis an DPC sa tslí seo má:

Creideann an duine a dhéanann an nochtadh go réasúnach go mbaineann an éagóir le comhlíonadh na nAchtanna um Chosaint Sonraí; agus

Creideann an duine a dhéanann an nochtadh go réasúnach go bhfuil an fhaisnéis atá á nochtadh, agus aon líomhain inti, tríd is tríd fíor.

Glactar dáiríre le gach nochtadh cosanta, cibé mar a dhéantar iad, agus déantar gach iarracht tabhairt faoi na ceisteanna a ardaítear mar is cuí.

Go ginearálta, pléitear ar bhonn rúnda le nochtadh cosanta a dhéantar leis an DPC. Tá roinnt eisceachtaí ag baint leis seo, mar shampla, más gá an duine atá ag gabháil don nochtadh a shainiú má tá an cheist a ardaítear le fiosrú go héifeachtach.

Conas nochtadh a dhéanamh

Chun nochtadh a chur faoi bhráid an DPC, seol r-phost chuig protecteddisclosures@dataprotection.ie

Bíodh na nithe seo sa nochtadh:

Ainm an duine atá ag gabháil a dhéanamh an nochtadh agus sonraí teagmhála,

Ainm an eagrais/na n-eagrais atá bainteach, agus

A oiread mionsonraí agus is féidir faoi na cúiseanna imní.

Aithneoidimid nochtadh faoi cheann 14 lá i ndiaidh a fháil agus measfaimid an fhaisnéis a thabharfar.

2.5 Na Meáin

Ag an DPC, tá ról lárnach ag an Aonad Cumarsáide in obair na hoifige a chur in iúl do na meáin le cois an phobail i gcoitinne. Eiseoidh an DPC faisnéis chuig custaiméirí trí:

- a shuíomh gréasáin (www.dataprotection.ie); agus
- a chuntas twitter (<https://twitter.com/dpcireland>).

Eisíonn an DPC faisnéis fosta trí Bhlaganna agus Podchraoltaí ar féidir iad a rochtain ar ár suíomh gréasáin www.dataprotection.ie

Is féidir faisnéis a fháil faoi rannpháirtíocht an DPC leis na meáin agus muid ag freagairt d'fhiosruithe agus d'iarratais agus ag eisiúint preasráiteas ag <https://www.dataprotection.ie/ga/nuacht-agus-na-meain/dean-teagmhail-linn>

3. Amlínte maidir le fiosruithe, cúiseanna imní agus gearáin faoin reachtaíocht cosaint sonraí

Aithneoidimid gach fiosrú agus cúis imní **faoi cheann trí lá**, coinneoidimid ar an eolas thú faoi dhul chun cinn ar do chás agus cuirfimid an toradh in iúl duit chomh gasta agus chomh soiléir agus is féidir.

Maidir le fiosruithe a fhaightear ar fhoirm ghréasáin, r-phost nó litir:

- Aithneoidimid comhfhreagra (fiosruithe) faoi cheann **trí lá oibre**

- Féachfaimid le freagra a sheoladh chugat laistigh de **20 lá oibre**. Má dhéanaimid seo, déanfaimid cumarsáid shoiléir agus tabharfaimid faisnéis ábhartha duit nó uasdátú maidir le do chomhfhreagra. Dá chasta an cheist is amhlaidh is faide an t-achar ama a bhíonn de dhíth. Ní dhéanfar ach measúnú tosaigh ar ghearáin ach amháin le linn an achair ama seo agus seans gur ghá measúnú breise i leith gearáin chasta agus/nó faisnéis bhreise roimh iad a thabhairt níos faide chun cinn - Cuirfimid é seo in iúl duit.

- Má bhaineann do r-phost le cás reatha, beimid i dteagmháil leat a luaithe agus is féidir.

- Féachfaimid le glaonna a fhreagairt chomh gasta agus is féidir agus is aidhm dúinn 80% de ghlaonna fóin a fhreagairt faoi cheann 15 shoicind le linn ár n-uaireanta oscailte seirbhís faisnéise fóin (Luan go hAoine, 9.15rn - 5.30in) (5.15in Dé hAoine).

Leagtar amach san Acht um Chosaint Sonraí 2018 an próiseas trína láimhseálann an DPC gearáin. Nuair a fhaightear gearán, féadann an DPC iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach ar an ngearán a shásódh an duine is ábhar do na sonraí agus an rialaitheoir / próiseálaí sonraí, más cuí de réir an Achta. Mura féidir teacht ar réiteach sásúil, rachaidh an gearán ar aghaidh chuig an gcéim plé le gearáin.

3.1 Plé le gearáin

Pléifear le gach gearán ar aon dul le prionsabail an cheartais nádúrtha. Coinneofar an rialaitheoir sonraí, chomh maith leis an ngearánach, ar an eolas faoi stádas an ghearáin. Ag brath ar chineál agus ar chastacht an ghearáin, b'fhéidir go dtógfadh sé roinnt míonna gearán a thabhairt chun críche. Leagtar amach san Acht um Chosaint Sonraí 2018 roinnt céimeanna a d'fhéadfadh an oifig a dhéanamh chun gearáin a réiteach¹, agus cuirfimid toradh do ghearáin in iúl duit i scríbhinn.

3.2 Gearáin Trasteorann

Tá an DPC ar cheann de na húdaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Áirítear le húdaráis mhaoirseachta eile CNIL sa Fhrainc agus BfDI sa Ghearmáin. Má tá gearán cosanta sonraí agat faoi eagrais (.i. rialaitheoir nó próiseálaí sonraí) a bhaineann le próiseáil trasteorann² d'fhéadfadh an DPC nó údarás maoirseachta eile plé leis.

Má bhaineann do ghearán le próiseáil trasteorann agus is in Éirinn amháin atá an t-eagrais nó a phríomh-láthair³ lonnaithe sa LEE, is iondúil gurb é an DPC a

¹ <https://dataprotection.ie/ga/individuals/exercising-your-rights/laimhseail-gearan-imsruduithe-agus-forfheidhmiu-do-dhaoine-aonair>

²Tá sainmhíniú tugtha ar “phróiseáil trasteorann” sa GDPR agus áirítear ann próiseáil a dhéanann eagrais ar shonraí pearsanta atá lonnaithe i roinnt Ballstát de chuid an AE nó a dhéanann eagrais ar shonraí pearsanta a mbíonn tionchar suntasach ar ábhair sonraí i níos mó ná Ballstát AE amháin.

³ Déantar “príomhbhúnú” rialaitheoir sonraí a bhreithniú nuair atá ionad riaracháin lárnach ag an rialaitheoir nó nuair a ghlactar na gcinntí maidir leis na cuspóirí a bhaineann le próiseáil na sonraí

láimhseálfaidh do ghearán.

Má bhaineann do ghearán le próiseáil trasteorann agus **ní** in Éirinn atá príomh-láthair an eagrais sa LEE, is iondúil gurb é an t-údarás maoirseachta sa tír ina bhfuil príomh-láthair an eagrais lonnaithe sa LEE a láimhseálfaidh do ghearán⁴. Tugtar “an t-údarás maoirseachta ceannais” ar an údarás ina bhfuil príomh-láthair an eagrais lonnaithe. Ní mór d’údaráis mhaoirseachta comhoibriú maidir le gearáin a bhaineann le próiseáil trasteorann (faoi réir eisceachtaí teoranta) chun a chinntiú go bhfeidhmítear an GDPR go comhsheasmhach.

Má bhaineann do ghearán le próiseáil trasteorann agus **ní hé** an DPC an t-údarás maoirseachta ceannais don eagrais atá i gceist, b’fhéidir gur gá don DPC idirchaidreamh a dhéanamh le húdarás maoirseachta eile (.i. údarás maoirseachta ceannais don eagrais sin) chun do ghearán a thabhairt chun cinn. Cé go bhféadfadh údarás maoirseachta eile do ghearán a thabhairt chun cinn, leanfaidh an DPC de ról an aon phointe teagmhála amháin maidir le do ghearán agus tabharfaimid nuashonruithe duit faoi dhul chun cinn do gearáin. B’fhéidir go mbainfeadh achair ama níos faide maidir le gearáin trasteorann nuair nach é an DPC an t-údarás maoirseachta ceannais, go háirithe i gcásanna nuair nach n-áirítear an Béarla ná an Ghaeilge ar theangacha oibre an údaráis maoirseachta ach, seachas sin, ní rachfar i bhfeidhm ar láimhseáil do ghearáin

4. Seirbhísí trí mheán na Gaeilge

Cinnteoimid go bhfreastalófar ar dhaoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge, agus freagróimid i nGaeilge comhfhreagras a fhaighimid i nGaeilge. Freagróimid i nGaeilge do ghlaiteoirí fóin ar mian leo labhairt i nGaeilge, láithreach más féidir, nó a thairiscint go nglaofaidh ball foirne a fhéadann plé lena bhfiosrú i nGaeilge ar ais orthu gan mhoill.

Foilseoimid doiciméid ar nós ár dTuarascála Bliantúla i nGaeilge agus i mBéarla; coinneofar dea-bhail ar an leagan Gaeilge dár suíomh gréasáin chun a chinntiú gur acmhainn bheacht, úsáideach, cothrom le dáta é. Forbróimid cumas ár mbaill foirne seirbhísí a sholáthar i nGaeilge agus lena chois sin, comhlíonfaimid na tiomantais atá

pearsanta agus na bealaí a ndéanfar na sonraí a phróiseáil. Ar an dóigh chéanna, déantar príomhbhunú próiseálaithe a chinneadh de réir shuíomh a ionaid próiseála lárnaigh nó de réir an tsuímh ina bhfuil a chuid príomhghníomhaíochtaí próiseála á ndéanamh.

⁴ Tugtar cur i bhfeidhm ‘Ionad Ilfhreastail’ go neamhfhoirmeálta air seo”.

leagtha amach sa Scéim Theanga.

5. Faisnéis a Chur ar Fáil

Cuirfimid faisnéis ar fáil maidir le cúrsaí cosanta sonraí, ag úsáid teanga agus meán a oireann do riachtanais ár gcustaiméirí (faoi réir srianta acmhainní).

Is tábhachtach a shonrú nach maítear gur comhairle dhlí í ná ceadú ná faomhadh foirmiúil gníomhaíochtaí aon pháirtí í faisnéis a chuireann Seirbhís Faisnéise DPC ar fáil.

6. Comhordú Soláthar Seirbhís Phoiblí

Cinnteoimid leibhéal ard comhordaithe le forais bhainteacha amhail Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg), An Coimisinéir Faisnéise, An Rialálaí um Sheirbhísí Ardrátaí (Regtel) agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) mar ghné lárnach de sholáthar seirbhíse. Mar gheall ar ár n-oibleagáidí comhchúnaimh idirnáisiúnta is custaiméirí dár gcuid fosta údaráis mhaoirseachta i ndlínsí eile chomh maith le Coimisiún AE mar shampla, agus leanfaimid dár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh sa réimse trí idirchaidreamh éifeachtach leis na forais seo.

7. Comhionannas, Éagsúlacht agus Rochtain do Dhaoine faoi Míchumas

Táimid tiomanta do sheirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí a sheasann lena gcearta daonna ar chomhionannas trí reachtaíocht um chomhionannas agus mhíchumas. Táimid tiomanta do chomhlíonadh ár n-oibleagáidí Comhionannais agus Cearta Daonna san earnáil phoiblí faoi Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, agus tuairisceoid, ar shlí inrochtana, ar baineadh amach inár dtuarascálacha bliantúla.

Is é an aidhm againn a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí agus áiseanna inrochtana ag ár gcustaiméirí uille, lena n-áirítear iad sin a mbeadh cúnaimh speisialta de dhíth orthu.

Má tá cuidiú de dhíth ort le cumarsáid a dhéanamh leis an DPC, déan teagmháil lenár [nOifigeach Inrochtaineachta](#).

8. Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Táimid tiomanta don tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil dár gcustaiméirí.

Fáiltimid roimh do chuidiú chun an tseirbhís seo a chur ar fáil trí aon tuairim, moladh nó gearán a bheadh agaibh faoin tseirbhís a fhaigheann tú, nó faoin mbealach a soláthraítear í.

Mura réiteofar an cheist nó má mhothaíonn tú nár chomhlíon an tseirbhís a fuair tú na caighdeáin atá leagtha amach sa Chairt Seirbhísí Custaiméirí seo, is féidir achomharc a dhéanamh trí ghearán oifigiúil a chur faoi bhráid ár n-aonad Gearáin faoi Sheirbhísí Custaiméirí. Ní théann ról aonad Gearáin faoi Sheirbhísí Custaiméirí i bhfeidhm ar thoradh cásanna ach athbhreithnítear go foirmiúil do ghearán i leith na dtiomantas atá sainithe faoin gCairt seo.

Is mian linn córas inrochtana, trédhearcach, éasca a úsáid chun plé le gearáin faoi cháilíocht na seirbhíse a chuireann an DPC ar fáil. Fáiltimid roimh thuairimí custaiméirí ar conas ár seirbhísí a fheabhsú. Féachfaimid le tabhairt faoi chúiseanna imní custaiméirí ag an bpointe seirbhíse más féidir.

Is tábhachtach a shonrú gur do dhaoine sa phobal ar mian leo aiseolas a thabhairt nó gearán a dhéanamh faoi na seirbhísí a chuireann an DPC ar fáil atá an seoladh r-phoist thíos agus dóibh sin amháin. Má tá ceist ghinearálta agat nó más mian leat gearán a dhéanamh faoi cheist a bhaineann le cosaint sonraí, déan teagmháil le info@dataprotection.ie.

Feidhmíonn an DPC faoi chreat reachtúil trína gcuirtear in iúl agus bonn eolais faoinár bpróiseas cinnteoireachta. Tá tuilleadh faisnéise faoinár gcreat reachtúla ar fáil ach cliceáil [anseo](#).

9. Comhairliúchán agus Aiseolas

Fáiltimid roimh do thuairimí agus moltaí ar an gCairt seo agus mar a fhéadaimid ár seirbhís a fheabhsú feasta. Is féidir na tuairimí seo a chur chugainn ag customerservice@dataprotection.ie

10. Cabhraigh Linne Cabhrú Leatsa

Féadann tú cabhrú linn seirbhís ardchaighdeáin a thabhairt duit má:

- Comhlánaíonn tú ár bhfoirmeacha gréasáin ar líne chun cabhrú linn plé le d'fhiosrú. Déan tagairt d'uimhreacha tagartha bainteacha i ngach cumarsáid linn.
- Seiceáil ár suíomh gréasáin www.dataprotection.ie i gcomhair faisnéise a

chabhródh leat.

- Bímis i dteagmháil le chéile go comhoibríoch agus go measúil.

Tá polasaí maidir le Bainistiú Iompair agus Teagmhálacha Mírreasúnta i bhfeidhm ag an DPC fosta. Is féidir an polasaí iomlán a bhreathnú [anseo](#).

11. Gearáin faoi Sheirbhísí Custaiméirí

Más mian leat gearán foirmiúil faoi sheirbhísí custaiméirí a dhéanamh, scríobh chuig: customerservicecomplaints@dataprotection.ie

nó

Gearáin faoi Sheirbhísí Custaiméirí, An Coimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, D02 RD28.

Cuirfear in iúl duit faoin cheann 3 lá oibre go bhfuarthas do ghearán faoi sheirbhísí custaiméirí agus eiseofar freagra iomlán nó eatramhach faoi cheann 20 lá oibre.